Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Feabhra 2021**
**(OR. en)**

**6446/21**
**ADD 27**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2021/0048(NLE)**

**RECH 72**
**COMPET 123**
**IND 40**
**MI 105**
**SAN 82**
**TRANS 94**
**AVIATION 42**
**ENER 50**
**ENV 94**
**SOC 95**
**TELECOM 70**
**AGRI 79**
**SUSTDEV 22**
**REGIO 29**
**IA 22**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 23 Feabhra 2021 |
| chuig: | Jeppe TRANHOLM-MIKKELSEN, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | SWD(2021) 38 final - Cuid 6/9 |
| Ábhar: | DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR a ghabhann leis an doiciméad Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir leis na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach a bhunú An Chomhpháirtíocht Eorpach um Bainistíocht Aerthráchta Chomhtháite |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad SWD(2021) 38 final - Cuid 6/9.

Faoi iamh: SWD(2021) 38 final - Cuid 6/9

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 23.2.2021
SWD(2021) 38 final

PART 6/9

**DOICIMÉAD INMHEÁNACH OIBRE DE CHUID AN CHOIMISIÚIN**

**ACHOIMRE FEIDHMIÚCHÁIN AR AN TUARASCÁIL AR AN MEASÚNÚ TIONCHAIR**

***a ghabhann leis an doiciméad***

**Togra le haghaidh Rialachán ón gComhairle maidir leis na Comhghnóthais faoi Fís Eorpach a bhunú**

**An Chomhpháirtíocht Eorpach um Bainistíocht Aerthráchta Chomhtháite**

{COM(2021) 87 final} - {SEC(2021) 100 final} - {SWD(2021) 37 final}

| Measúnú tionchair ar an gcomhpháirtíocht Eorpach um bainistíocht aerthráchta chomhtháite |
|---|
| **A. An gá atá le beart** |
| **Cén fhadhb atá ann agus cén fáth ar fadhb í ar leibhéal an Aontais?** |
| D'ainneoin an dul chun cinn suntasach a rinneadh le 10 mbliana anuas ar bhonneagar bainistíochta aerthráchta (BAT) a nuachóiriú, is é bonneagar BAT ilroinnte nach mbaineann tairbhe iomlán as an digitiú agus as an uathoibriú is cúis le suas le 10 % d'astaíochtaí $CO_2$ a ghineann eitiltí; d'fhéadfaí na hastaíochtaí sin a sheachaint. Anuas air sin, bhí tionchar suntasach ag géarchéim COVID-19 ar aeriompar agus nocht sé sin laigí na gcóras BAT reatha. Níor cuireadh brú mar sin riamh ar bhonneagar BAT le bheith níos costéifeachtaí, níos athléimní agus níos inscálaithe i leith luaineachtaí sa trácht, agus chun freastal ar chineálacha aerfheithiclí nua.<br><br>Ba cheart an tsraith nuálaíochta BAT a ghiorrú freisin, d'fhonn deis a thabhairt do ghníomhaithe tionsclaíocha san earnáil fanacht iomaíoch agus tacú le raon leathan feidhmeanna san iompar (e.g. gluaiseacht paisinéirí, lasta, ladrann agus aerghluaiseacht uirbeach) agus cosaint agus slándáil (comhar sibhialta- míleata i mbainistíocht aerspáis).<br><br>Tá gá le hiarracht shuntasach choiteann chun dul i ngleic leis na fadhbanna iomadúla sin i gcomhthéacs atá casta agus ag athrú go gasta d'fhonn comhar agus infheistíocht a spreagadh i nuálaíochtaí nach féidir le haon pháirtí leasmhar ná Ballstát amháin dul i ngleic leo agus iad ag gníomhú ar a n-aonar. Bíonn an eitlíocht idirnáisiúnta agus teastaíonn gníomhaíocht choiteann agus comhordaithe uaithi. |
| **Cad é ba cheart a bhaint amach?** |
| Baineann trí ghné leis an gcuspóir seo:<br>1) BAT na hEorpa a thabhairt isteach sa ré dhigiteach ionas go mbeidh sé níos athléimní agus níos inscálaithe i leith luaineachtaí sa trácht;<br>2) iomaíochas aeriompair le foireann agus aeriompair gan foireann a neartú san Aontas, chun tacú le fás agus téarnamh eacnamaíoch i gcomhthéacs an tsaoil i ndiaidh COVID;<br>3) an 't-aerspás Eorpach aonair' a bhunú mar an t-aerspás is éifeachtaí agus is -neamhdhíobhálaí don chomhshaol ar domhan. |
| **Cad é an breisluach atá le beart a dhéanamh ar leibhéal an Aontais?** |
| Tá gá le hidirghabháil ón Aontas (cistiú agus comhordú) le háirithiú go gcuirtear dlús le hiarrachtaí chun na cuspóirí thuasluaite a bhaint amach agus go bhfuil siad dírithe ar bhealach níos fearr[1]. Sa chleachtas, ciallaíonn sé sin go gcaithfear na páirtithe leasmhara ábhartha uile ón earnáil a thabhairt le chéile, idir mhonaróirí agus soláthróirí seirbhísí aerloingseoireachta, aerlínte, aerfoirt, institiúidí taighde agus an t-arm, chun teicneolaíochtaí claochlaitheacha agus inoibritheacha a fhorbairt chun freagairt ar na dúshláin thuasluaite. Mura dtéitear i ngleic leis na fadhbanna trí idirghabháil láidir Aontais, is dócha go dtiocfaidh cláir náisiúnta chun cinn ar bhonn *ad hoc*, go háirithe sa saol i ndiaidh COVID, agus go ndéanfaidh na cláir sin fadhbanna áitiúla a réiteach ach go méadófar ilroinnt líonra BAT na hEorpa. |
| **B. Réitigh** |
| **Cad iad na roghanna éagsúla lenar féidir na cuspóirí a ghnóthú? An bhfuil rogha thosaíochta ann nó nach bhfuil? Mura bhfuil, cén fáth nach bhfuil?** |
| Bíonn difríocht sna roghanna beartais (RB) ó thaobh solúbthachta agus breisíochta/treoíochta de:<br><br>**RB0:** Glaonna Fís Eorpach – clár oibre straitéiseach taighde a shocraíonn agus a dheimhníonn an Coimisiún, le hionchur ón tionscal;<br><br>**RB1:** comhpháirtíocht Eorpach chomh-chláreagraithe – clár oibre taighde agus nuálaíochta atá aontaithe |

[1] I gcomhréir le moltaí AEA le déanaí, SR 18/2018, SR 11/2019.

| |
|---|
| agus a chomhardaítear leis an gcomhpháirtíocht agus a úsáideann an Coimisiún le haghaidh cur chun feidhme sa chlár oibre;<br><br>**RB2:** comhpháirtíocht institiúidithe Eorpach faoi Airteagal 187 CFAE – beidh leibhéal ard tionchair ag comhaltaí na comhpháirtíochta i bhforbairt an chláir oibre straitéisigh taighde, clár oibre bliantúil agus ábhar glaonna, trí phróiseas atá trédhearcach agus inrochtana, arna ghlacadh ag bord rialála na comhpháirtíochta, ar a ndéantar ionadaíocht ar an Aontas agus ar na comhpháirtithe araon.<br><br>Tá costas beagáinín níos ísle agus níos mó solúbthachta le fáil le **RB1** i gcomparáid le **RB2**, a bhuí le struchtúr ballraíochta orgánach a fhorbraíonn agus ar an raon feidhme le hoiriúnú don chlár oibre taighde agus nuálaíochta.<br><br>Is é **RB2** an rogha thosaíochta, mar bunaítear an t-ardán is éifeachtúla léi, ardán atá in ann dlús a chur le soláthar na dtairbhí is mó (féach thíos). I gcomparáid le **RB1**, tá níos mó treoíochta agus gealltanas ó pháirtithe leasmhara léi, lena n-áirítear eagraíochtaí idir- rialtasacha amhail Eurocontrol, Gníomhaireacht Sábháilteachta Eitlíochta na hEorpa (EASA) agus an Ghníomhaireacht Eorpach Spáis (GES).<br><br>Is é **RB2** an rogha is costasaí de bheagán, ach mar gheall go gcumhdaíonn comhaltaí príobháideacha níos mó ná 60 % de na costais, baineann an acmhainn is mó leis an rogha seo ó thaobh na tionchair bheartaithe a sholáthar, agus soláthraíonn sé an luach is fearr do bhuiséad an Aontais. |
| **Cad iad tuairimí na bpáirtithe leasmhara éagsúla? Na páirtithe leasmhara éagsúla agus na bearta is rogha leo** |
| Tá leibhéal ard comhaontaithe idir páirtithe leasmhara maidir le fadhbanna, cuspóirí agus an rogha thosaíochta don todhchaí, ar an iomlán. Thacaigh ní ba mhó ná 70 % de na freagraí sa comhairliúchán poiblí le hathbhunú na comhpháirtíochta institiúidithe faoi Airteagal 187 CFAW, ag cur in iúl go dteastaíonn idirghabháil láidir Aontais ón earnáil chun clár oibre taighde agus nuálaíochta aonair Eorpach a stiúradh, clár oibre a nglacann páirtithe leasmhara páirt leanúnach ann feadh an tslabhra luacha fhoriomláin chun réitigh idir- inoibritheacha a sholáthar, a chuireann feabhas ar fheidhmíocht agus sábháilteacht córas BAT san Aontas, tráth a ndéanfar iad a chur in úsáid.<br><br>Príomhthuairimí eile:<br>• Ba cheart go mbeadh naisc níos fearr idir taighde agus nuálaíocht agus tionsclú ag an gcomhpháirtíocht;<br>• Ba cheart go dtacódh an chomhpháirtíocht le glacadh margaidh agus le cur in úsáid;<br>• Ba cheart go simpleofaí nósanna imeachta riaracháin;<br>• Ba cheart go mbeadh rannpháirtíocht níos dlúithe le EASA agus le húdaráis náisiúnta ann, sineirgí níos fearr le comhpháirtíochtaí agus tionscnaimh náisiúnta taighde agus nuálaíochta, agus naisc níos fearr leis an lucht léinn. |
| **C. Tionchar na rogha tosaíochta** |
| **Cé na tairbhí a bhaineann leis an rogha thosaíochta (más ann dóibh; murab ann, cad iad tairbhí na bpríomhroghanna)?** |
| **Tionchair eolaíochta:** cumais eolaíochta agus eolas an Aontais ar BAT a neartú; inniúlachtaí na chéad ghlúine eile de ghairmithe eitlíochta a fhairsingiú;<br><br>**Tionchair eacnamaíocha/teicneolaíochta:** inscálaitheacht agus sábháilteacht mhéadaithe i gcórais BAT; deiseanna nua fáis don mhargadh ladrann; ról ceannaireachta domhanda aerspás agus tionscal eitlíochta na hEorpa a neartú;<br><br>**Tionchair shóisialta:** torann eitlíochta agus astaíochtaí gáis laghdaithe le tomhas atá cothrom le hastaíochtaí $CO_2$ ceantair uirbigh mhóir san Aontas (e.g. Maidrid); eispéireas feabhsaithe do phaisinéirí |

(am taistil, moilleanna agus costais laghdaithe agus nascacht níos fearr).

**Cad iad costais na rogha tosaíochta (más ann dóibh, murab ann, cad iad costais na bpríomhroghanna)?**

Is iad na príomhchostais bhreise a bhaineann leis an rogha thosaíochta i gcomparáid le **RB0** costais ullmhúcháin agus reáchtála chúloifig na comhpháirtíochta. Nuair a chuirtear giaráil airgeadais (rátaí cómhaoinithe) agus an buiséad foriomlán atá ar fáil le haghaidh gach rogha beartais san áireamh, áfach, tá an costas a bhaineann leis an rogha thosaíochta níos airde ná an rogha is éifeachtaí le 1- 2 phointe céatadáin amháin, ag glacadh go mbeidh ranníocaíocht chomhchosúil ón Aontas. Anuas air sin, léiríodh i dtaithí go bhfuil comhpháirtithe eile, lena n-áirítear comhpháirtithe institiúidithe, toilteanach níos mó ná 60 % de chostais riaracháin an chomhghnóthais a chumhdach.

**Cén tionchar a imreofar ar FBManna agus ar an iomaíochas?**

Is dócha go mbeidh ról tábhachtach ag FBManna sa chomhpháirtíocht, mar déantar ionadaíocht mhaith orthu i dteicneolaíochtaí digiteacha agus gníomhaíochtaí sonraí agus ladrann. Beidh sé níos éasca ar FBManna a bheith rannpháirteach i gcomparáid le comhpháirtíochtaí roimhe seo mar gheall ar an struchtúr oscailte comhpháirtíochta agus ar na glaonna oscailte.

**An imreofar tionchar suntasach ar bhuiséid náisiúnta agus ar údaráis riaracháin náisiúnta?**

Níltear ag súil go mbeidh aon tionchar ar bhuiséid ná riaracháin náisiúnta, a bhuí le hailíniú na straitéisí. Neartódh rannpháirtíocht ghníomhach na mBallstát sa chomhpháirtíocht a ngealltanas do na teicneolaíochtaí a thagann chun cinn mar gheall uirthi agus mhéadódh sé glacadh agus cur in úsáid sioncronaithe na dteicneolaíochtaí ar fud an Aontais.

**An mbeidh aon tionchar suntasach eile i gceist?**

Beidh an chomhpháirtíocht bheartaithe ríthábhachtach chun an fhianaise eolaíochta agus teicneolaíochta ábhartha san eitlíocht a sholáthar chun cuidiú le déantóirí beartas agus rialtóirí na bearta rialála is fearr a ghlacadh chun dul i ngleic leis na dúshláin a bhaineann leis an athrú aeráide agus leis an digitiú.

**Comhréireacht?**

Le RB1, tá solúbthacht ag comhpháirtíochtaí ballraíocht a ghlacadh sa chomhpháirtíocht nó an chomhpháirtíocht a fhágáil. Is féidir an clár oibre taighde agus nuálaíochta a oiriúnú go héasca freisin de réir mar a fhorbraíonn an teicneolaíocht nó riachtanais eile.

Éilítear gealltanas (airgeadais) níos láidre le RB2, agus tá údar cuí leis an ngealltanas sin mar gheall ar an éifeachtúlacht mhéadaithe agus an cumas le dlús a chur leis an gclaochlú digiteach a bhfuil géarghá leis i BAT.

**D. Iarobair**

**Cathain a dhéanfar athbhreithniú ar an mbeartas?**

Déanfaidh an Coimisiún athbhreithniú ar an modh chur chun feidhme 3 bliana tar éis bhunú na comhpháirtíochta.